An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

# Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe RFTF

## 2024-2026

Meitheamh 2024

An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

WRC
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

THE LABOUR COURT
An Chúirt Oibreachais

CRO COMPANIES REGISTRATION OFFICE
AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ

RFS CLÁRLANN NA GCARA-CHUMANN
REGISTRY OF FRIENDLY SOCIETIES

RBO

Oifig Maoine
Intleachtúla na hÉireann
Intellectual Property
Office of Ireland

# Brollach



Mar Roinn, cuireann ár n-éagsúlacht cúlraí, tuairimí, cumas agus eispéireas, saibhreas lenár gcuid oibre a neartaíonn ár gcumas freastal ar an bpobal agus seachadadh a dhéanamh chomh fada agus is féidir linn.

Leathnaíonn ár n-éagsúlacht, ag baint tairbhe as buanna agus eispéiris saoil chomhghleacaithe de gach cúlra, ár n-léargais agus tugann sé léargais nua ar an gcaoi a ndéanaimid ár gcuid oibre agus a ndéanaimid freastal ar mhuintir na hÉireann.

Tá an ceart ag gach duine go dtabharfar urraim dóibh ina n-ionad oibre, go gcaitear leo go cóir agus go cothrom, agus go mbainfí leas as leibhéil chothroma tacaíochta.

Tá ról le himirt ag gach duine againn i gcruthú cultúr fáilteach, tacúil agus cuimsitheach a éascaíonn, a thacaíonn agus a lorgaíonn rannpháirtíocht ó gach comhghleacaithe agus ina mothaíonn gach duine go bhfuil meas agus luach air/uirthi ina láthair oibre.

Leagann an Straitéis seo amach ár dtiomantas comhchoiteann chun eagraíocht fháilteach, chuimsitheach a chruthú. Tá na gníomhartha sa Straitéis seo bunaithe ar oibriú i dtreo ceithre phríomhsprioc:

- Cultúr dearfach tacaíochta agus cuimsithe a fhorbairt
- Ag cinntiú go bhfuil foireann ag gach leibhéal oilte chun oibriú i bhfoirne éagsúla
- Comhionannas deiseanna a sholáthar don fhoireann ar fad; agus
- Comhionannas i rochtain ar sheirbhísí a chinntiú dár gcustaiméirí go léir

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár nGrúpa Comhairleach agus lenár nGrúpa Oibre CE&C as a gcuid smaointe, léargais agus a dtiomantas i bhforbairt na Straitéise seo, rud a léiríonn rannpháirtíocht ar fud ár Roinne agus ár nOifigí le linn 2023 agus 2024.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár gcomhghleacaithe go léir a leag an bhunchloch don Straitéis seo trí raon tionscnamh agus gníomhartha le blianta fada anuas, trí ionadaíocht a dhéanamh agus tacú le croíluachanna an chuimsithe, na cothroime agus an mheasa inár n-ionad oibre agus muid ag déileáil lenár bpáirtithe leasmhara.

Táim ag tnúth le bheith ag obair leis na comhghleacaithe go léir chun prionsabail an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a neadú i ngach rud a dhéanaimid agus chun cultúr dearfach inbhuanaithe a thógáil don todhchaí.

Le dea-ghuí

Declan Hughes, Rúnaí Ginearálta

# Clár ábhair

Brollach....................4
Clár ábhair....................5
Cén fáth a bhfuil CE&C tábhachtach dúinn? ....................6
Fís ....................9
Spriocanna ....................10
Ár dTuras CE&C go dtí seo ....................11
An dóigh a d'fhorbair muid an Straitéis seo....................13
Conas a chuirfear an Straitéis seo i bhFeidhm ....................16
Sprioc 1: Cultúr Dearfach Tacaíochta agus Cuimsithe ....................18
Sprioc 2: Foireann atá Oilte chun Oibriú ar Fhoirne éagsúla....................20
Sprioc 3: Comhionannas Deiseanna don Fhoireann ar fad ....................22
Sprioc 4: Comhionannas maidir le Rochtain ar Sheirbhísí dár gCustaiméirí ....................24
Cad atá ar bun ag daoine? ....................26
Aguisín ....................30
Ballraíocht an Ghrúpa Oibre CE&C ....................30

# Cén fáth a bhfuil CE&C tábhachtach dúinn?

Tá ról lárnach ag cultúr cuimsithe san ionad oibre a fhorbairt maidir le tallainne a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt, chomh maith le tacú le comhoibriú níos fearr, le nuálaíocht, agus le Roinn a léiríonn níos cruinne, an tsochaí a bhfuilimid anseo le freastal uirthi.

Cruthaíonn ionad oibre cuimsithe ina bhfuil luach oscailte ar an éagsúlacht 'spás sábháilte' inar dóichí go roinnfidh daoine aonair tuairimí, go dtabharfaidh tuairimí, agus an tacaíocht nó an cúnamh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu a iarraidh chun iad a chumasú le go n-éireoidh leo.

Bunphrionsabal d'fhorbairt mhaith daoine, é CE&C a chur chun cinn i d'ionad oibre. Nuair a mhothaíonn baill foirne go bhfuil luach acu san eagraíocht, agus go dtacaíonn an t-ionad oibre leis an mhuintearas seo, tugtar de chumhacht don fhoireann a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Ag an am céanna, tá sé ríthábhachtach go gcloífí leis na príomhphrionsabail chéanna nuair a sholáthraímid seirbhísí don phobal.

Cuireann ár Ráiteas Straitéise agus an Straitéis CE&C seo comhionannas agus éagsúlacht i gcroílár ár gcur chuige maidir le seachadadh ár misean agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha.

Cuidíonn ár *luachanna* mar Roinn freisin beocht a chur leis an Straitéis CE&C; táimid tiomanta do chultúr cuntasachta, éifeachtúlachta, nuálaíochta agus luach ar airgead a chothú, atá fréamhaithe in éiteas na seirbhíse poiblí de neamhspleáchas, comhionannas, ionracas, neamhchlaontacht, oscailteacht, cothroime, dínit agus meas. Mar Státseirbhísigh, glacaimid na caighdeáin is airde gairmiúlachta, macántachta, oibiachtúlachta agus cáilíochta, atá lárnach chun ár róil a chomhlíonadh maidir le freastal ar an Rialtas, ar an gcóras daonlathach agus ar an bpobal.

Mar Roinn le roinnt blianta anuas, ag leibhéal foirne agus eagraíochta, táimid ag cur lenár gcur chuige i leith CE&C trí thionscnaimh agus tionscadail éagsúla.

Feidhmímid laistigh de chreat reachtaíochta a aithníonn an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht agus cuimsiú san fhórsa saothair agus sa timpeallacht oibre. Áirítear leis seo beartais a chuireann cearta agus cuimsiú grúpaí ar fud na réimsí comhionannais, lena n-áirítear an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas. Faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, tá dualgas ar ár Roinn deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine a bhaineann leas as ár seirbhísí a chosaint.

In 2023, d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe an PFN Straitéis nua um *Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí go dtí 2030*, a d'aithin go

bhfreastalófar ar chaighdeán ár seirbhísí poiblí is fearr ag baill foirne a dtugtar an chumhacht agus an tacaíocht dóibh, chun oibriú go lánacmhainneacht.

Mar Roinn, táimid tiomanta do spriocanna sonracha a bhaint amach laistigh de na straitéisí náisiúnta éagsúla. Leagtar amach inár Ráiteas CE&C2022 conas a chinnteoimid go gcomhlíontar ár ndualgais reachtúla chomhionannais. Mar sin féin, tógann an Straitéis CE&C seo an chéad chéim eile maidir le leagan amach conas a bheartaímid dul níos faide ná na dualgais sin, agus a bheith mar ionad oibre atá níos cuimsithí.

Tá comhghleacaithe ó ar fud na Roinne agus ár nOifigí lárnach inár ndul chun cinn go dtí seo. Mar aitheantas ar ár gcomhiarrachtaí, bhaineamar amach marc 'Airgid' *Infheisteoirí san Éagsúlacht* Ionad na hÉireann um Éagsúlacht.

Cé gur chloch mhíle ar ár dturas CE&C, a raibh fáilte roimhe é seo, tá níos mó gur féidir linn a bhaint amach, agus tá dearcadh soiléir againn ar cad is féidir linn gníomhú ina leith, le go dtagann feabhas orainn.

Chun críocha na Straitéise seo, táimid ag baint úsáide as na sainmhínithe seo a leanas:

Ciallaíonn **comhionannas** a chinntiú go gcaitear chomh fabhrach céanna le daoine agus grúpaí agus a chaitear le daoine agus grúpaí eile. Faoin dlí, tá naoi bhforas idirdhealaithe i bhfeidhm, ar a dtugtar na *forais chosanta*. Is iad seo ná:

- Aois
- Stádas Sibhialta
- Míchumas
- Stádas Teaghlaigh
- Inscne
- Stádas mar bhall den Lucht Siúil
- Cine (dath, náisiúntacht nó bunús eitneach nó náisiúnta)
- Creideamh
- Gnéaschlaonadh

Sa Straitéis seo, bainimid úsáid as an bhfocal 'comhionannas' chun cosc a chur le hidirdhealú, *agus* cothroime maidir le rochtain ar dheiseanna agus ar sheirbhísí a chur chun cinn.

Ciallaíonn **éagsúlacht** ag aithint go bhfuil gach duine difriúil ar raon bealaí sofheicthe agus neamh-fheiceálach, agus go gcuireann aitheantas agus meas ar an difríocht sin go saibhir agus go luachmhar le cruthaitheacht, fadhbréiteach agus nuálaíocht in eagraíocht ar bith.

Ciallaíonn **cuimsiú** dul níos faide ná 'caoinfhulaingt' na héagsúlachta, i dtreo timpeallacht ina mothaíonn gach duine go bhfuil luach orthu agus go bhfuil sé de chumhacht acu cur lena lánacmhainneacht agus forbairt a dhéanamh air.

"Léiríonn Straitéis CE&C a bheith i bhfeidhm, go mór dom go bhfuil lucht bainistíochta RFTF tiomanta d'ionad oibre cuimsitheach sábháilte a dhéanamh ar mhaithe le gach ball foirne. Tá fíorghá go mbeadh an Státseirbhís mar léiriú ar an tsochaí agus cabhróidh an Straitéis seo leis an Roinn leanúint ar aghaidh ag fás mar ionad oibre ilchineálach agus cuimsitheach."

***Jamie Cosgrove, An tAonad Fiontair Miondíola agus Trádála Áitiúil, agus comhchathaoirleach ar Líonra Mórtas Fiontair RFTF***

"Tugann Cóiríocht Réasúnta san ionad oibre deis dom oibriú ar chomhchéim le mo chomhghleacaithe. Braithim go bhfuil mo chomhghleacaithe oibre an-chabhrach, agus sílim gur áit an-chuimsitheach é an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) le bheith ag obair ann".

***Karen Kealy, An tAonad Faisnéise agus Seirbhíse do Chustaiméirí, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre***

"Nuair a glactar le héagsúlacht, cuirtear ionad oibre níos fearr ar fáil, déantar léargais a sholáthar dúinn chun ár seirbhís do shochaí ilghnéitheach a fheabhsú – is féidir linn riachtanais na sochaí sin a réamh-mheas agus freastal níos fearr a dhéanamh orthu má chuimsímid raon ionadaíoch de dhearcthaí agus de thaithí laistigh dár n-eagraíocht féin. Trí láidreachtaí ar leith a aithint agus freastal ar riachtanais éagsúla inár mbeartais earcaíochta agus phearsanra ní hamháin go neadaíonn sé cultúr tacúil san eagraíocht, ceadaíonn sé dúinn teacht ar fhoinse tallainne nach mbainfí leas as murach sin".

***Bernie Byrne, An tAonad Airgeadais agus Riaracháin, An Chúirt Oibreachais***

"Mholfainn do dhuine ar bith faoi mhíchumas, má mhothaíonn tú ar a chompord é sin a dhéanamh, é a nochtadh, mar go n-osclaíonn sé go leor deiseanna eile duit".

***Conor Cahill, Aonad Straitéise Gaoithe Amach ón gCósta***



# Fís

Is í Fís na Straitéise seo ná leanúint le cultúr cuimsitheachta, cothroime agus measa a chothú d'fhoireann agus do chustaiméirí uile na Roinne.

Ba mhaith linn a chinntiú go mothaíonn gach duine go bhfuil fáilte rompu sa Roinn seo, go bhfuil an fhoireann cumasaithe chun a lánacmhainneacht a bhaint amach, agus go bhfuil rochtain ar sheirbhísí, deiseanna agus forbairt gairme ar fáil ar comhchéim do chách.

Chun é seo a bhaint amach, táimid dírithe ar chultúr fáilteach, thacúil agus chuimsitheach san ionad oibre a fhorbairt, ina dtuigtear an éagsúlacht, ina gcuirtear luach uirthi, agus ina mbíonn na scileanna agus na tacaíochtaí ag comhghleacaithe chun a gcumas a bhaint amach.



# Spriocanna

Tá na gníomhartha sa Straitéis seo bunaithe ar oibriú i dtreo ceithre phríomhsprioc:

- Cultúr dearfach tacaíochta agus cuimsithe
- Foireann atá oilte chun oibriú ar fhoirne éagsúla
- Comhionannas deiseanna don fhoireann ar fad
- Comhionannas maidir le rochtain ar sheirbhísí dár gcustaiméirí.

# Ár dTuras CE&C go dtí seo

## 2018:

- Tá an 'Coiste Comhairliúcháin Mhíchumais' bunaithe chun fócas a sholáthar do chuimsiú míchumais in obair bheartais, scéimeanna agus tionscnaimh na Roinne.
- Tionscnamh 'Balance for Better Business' seolta ag an Taoiseach ag an am, Leo Varadkar T.D., chun cothromaíocht inscne a fheabhsú sa cheannaireacht shinsearach in Éirinn. Tá 'Balance for Better Business' á thacú ag RFTF ó 2021 i leith.

## 2019:

- Cuireann baill foirne na Roinne tús leis an gcéad ghréasán 'Pride in Enterprise' LGBTQIA+, agus téann RFTF ag máirseáil i mórshiúl 'Pride' Bhaile Átha Cliath don chéad uair taobh thiar de bhratach na Státseirbhíse, an tArd-Rúnaí ina dteannta.
- Leagann CFPÁ fócas nua ar fhoghlaim agus feasacht CE&C, le gearrchúrsaí dírithe ar raon saincheisteanna lena n-áirítear feasacht uathachais, feasacht meabhairshláinte, feasacht ar shláinte na mban, comhionannas trasinscneach, agus feasacht míchumais.

## 2020:

- Glacann RFTF cur chuige cuimsitheach chun dúshláin COVID-19 a bhainistiú, ag cruthú Grúpa Oibre Roinne COVID-19 ar fud na foirne, a thugann baill foirne ar gach leibhéal le chéile chun freagairt na heagraíochta ar an ngéarchéim a bhainistiú.
- Déanann RFTF athnuachan ar a rannpháirtíocht sa chlár WAM (Willing Able Mentoring), ag tacú le céimithe faoi mhíchumas. Ó 2007 i leith, chríochnaigh 11 chéimí socrúcháin san RFTF tríd an gclár seo.

## 2021:

- Bhí 'tógáil ionad oibre cuimsitheach agus tacúil' ar cheann dár spriocanna lárnacha de Straitéis nua Daoine RFTF.

- Glacann RFTF páirt sa chlár ‘OWL’ (Obair agus Foghlaim an Oireachtais) den chéad uair, ag tacú le aosaigh óga a bhfuil míchumas intleachta orthu dul i mbun fostaíochta.
- Seolann na RFTF clár na bhFoirne Nasctha agus é mar aidhm aige iompraíochtaí a thacaíonn le hobair chumasc éifeachtach agus chuimsitheach d’fhoirne a aithint agus a chur chun cinn.

## 2022:

- Fostaíodh Ionad na hÉireann um Éagsúlacht (ICfD) chun measúnú iomlán a dhéanamh ar ár gcur chuige CE&C agus na chéad chéimeanna eile a phleanáil.
- Rinneadh suirbhé ar gach ball foirne ar ár dtimpeallacht CE&C le cabhair ón ICfD.
- Thug gach ball de Bhord Bainistíochta na RFTF faoi oiliúint ‘Ceannaireacht Chuimsitheach’.
- Foilsíodh an chéad tuarascáil ar Bhearna Pá Inscne na RFTF.
- Foilsítear an chéad bheartas oifigiúil um Oibriú Cumaisc de chuid RFTF, a sholáthraíonn roghanna oibre solúbtha nua do c.95% den fhoireann.

## 2023:

- Forbraíodh agus foilsíodh an chéad Ráiteas CE&C de chuid RFTF i gcomhairle leis an bhfoireann ar fad.
- Beartas Oibre Cumaisc RFTF athbhreithnithe agus coinnithe.
- Taighde domhain déanta chun na tiománaithe atá taobh thiar dár mBearna Pá Inscne agus dul chun cinn gairmréime ban san RFTF a thuiscint.
- Déanann RFTF athnuachan ar chomhpháirtíocht le clár taithí oibre Idirbhliana Lárchathair Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh (NIEC).
- Bronntar creidiúnú Airgid ‘Infheisteoirí san Éagsúlacht’ ar RFTF ó Ionad na hÉireann um Éagsúlacht.
- Tugadh dhá ghrúpa oibre foirne le chéile chun tús a chur le forbairt na Straitéise CE&C seo. Thug gach ball den Ghrúpa Oibre CE&C faoi oiliúint ‘Ceannaireacht Chuimsitheach’ chun tacú le forbairt na Straitéise seo.

# An dóigh a d'fhorbair muid an Straitéis seo

## Tuiscint ar an áit ar féidir linn gníomhú

Cé go ndíreoidh go leor eagraíochtaí ar earcaíocht ina Straitéisí CE&C, sa Státseirbhís tarlaíonn formhór ár n-earcaíochta tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS).

Mar sin, tá ár bhfócas ar an timpeallacht oibre, scileanna ár mbainisteoirí a fhorbairt, coinneáil agus dul chun cinn foirne, agus taithí ár gcustaiméirí.

## Dea-Chleachtais a Thuiscint

Tá spriocanna agus gníomhartha na Straitéise seo bunaithe ar chur chuige dea-chleachtais agus ar thaighde a rinne an ECFE (An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta), an CIPD (Institiúid Cairte um Phearsanra agus Forbairt), agus Lárionad na hÉireann um Éagsúlacht, i measc nithe eile.

Bíonn an fhoireann AD rannpháirteach freisin i líonra idir-Rannach CE&C, d'fhonn tuiscint a fháil ar an gcaoi a dtéann Ranna eile na Státseirbhíse i ngleic le CE&C.

## Rannpháirtíocht Foirne

I mí an Mheithimh 2023 bhunaigh an fhoireann Acmhainní Daonna 'Grúpa Oibre' don Straitéis seo (féach Aguisín), comhdhéanta de bhaill foirne a bheidh freagrach as gníomhaíochtaí na Straitéise a sheachadadh: iad siúd atá i gceannas ar réimsí Seirbhíse Corparáideacha chomh maith le bainisteoirí a bhfuil foirne suntasacha tosaigh acu a théann i ngleic le custaiméirí.

Ag an am céanna, tugadh cuireadh do gach ball foirne a bheith páirteach i 'Grúpa Comhairleach' don Straitéis. Chuir thart ar 30 ball foirne páirt a n-ainmneacha síos chun páirt a ghlacadh ann.

Ag tosú i mí Mheán Fómhair seo caite, d'fhorbair an dá ghrúpa seo spriocanna agus gníomhartha na Straitéise seo, le tacaíocht ón bhfoireann Straitéise AD.


## Léargais ó chomhairliúchán Lárionad na hÉireann um Éagsúlacht[1]

- ✓ Tuigeann formhór na mball foirne san RFTF go bhfuil gach duine freagrach as CE&C
- ✓ Mothaíonn formhór na mball foirne go bhfuil meas ag a gcomhghleacaithe orthu
- ✓ Tá sraith leathan beartas ag an Roinn chun tacú le dea-chleachtais CE&C
- ✓ Tá leibhéal ard muiníne ag formhór na foirne as a mbainisteoir líne

- Tá go leor ball foirne aineolach ar chuid dár bpríomhbheartais agus nósanna imeachta, lena n-áirítear Bulaíocht agus Ciapadh
- Ní bhraitheann ach an tríú cuid den fhoireann gur féidir leo cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann an Roinn iarracht deireadh a chur le hidirdhealú
- Mothaíonn roinnt ball foirne go gcaitear go héagsúil leo i gcomparáid le daoine eile mar gheall ar thosca lena n-áirítear aois, míchumas, inscne, bheith i do chúramóir, cine, agus toircheas/máithreachas.

[1] Chuathas i gcomhairle le linn 2022 trí shuirbhé a rinne Lárionad na hÉireann um Éagsúlacht

## Léargas ar ár Roinn[2]




- Líon iomlán na foirne 1000
- Iontrálaithe Nua 144
- Ráta scoir 8.80%
- Am foirne sa phost:
  - Faoi 4 bliana 644
  - Os cionn 4 bliana 356
- Céatadán na mball foirne fireann/baineann sa bhainistíocht shinsearach:
  - AP 51% mná agus 59% fir
  - PO 48% mná agus 52% fir
  - R/Cúnta 29% mná agus 71% fir.
- Próifíl Aoise:
  - 8% Faoi bhun 29
  - 17% 30-39
  - 29% 40-49
  - 33% 50-59
  - 13% Os cionn 60
- Céatadán na mball foirne atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar obair chumaisc 95%
- Céatadán na mball foirne faoi mhíchumas 7%.

[2] Sonraí tógtha ó Dheais Sonraí AD R4 2023

# Conas a chuirfear an Straitéis seo i bhFeidhm

## Príomhphrionsabail

A chinntiú go mbraitheann gach ball foirne go bhfuil leas na Straitéise seo bainteach leo.

Is é tasc an Ghrúpa Oibre ná a chinntiú go bhfeiceann gach duine an ról atá acu sa Straitéis seo agus go dtugtar an deis agus na huirlisí dóibh a bheith rannpháirteach.

Agus an Straitéis seo á seachadadh, déanfaidh an Grúpa Oibre:

- **Dul i gcomhairle** go rialta leis an bhfoireann
- **Éisteacht** le hintinn oscailte: ba chóir go mothaíonn gach ball foirne go bhfuil atmaisféar ann inar féidir leo a dtuairimí a chur chun cinn
- **Foghlaim**: chomh maith le hoiliúint a chur ar fáil, leanfaimid orainn ag cur oideachais maidir le shaincheisteanna CE&C chun eolas a chuir ar fáil ar an gcaoi a gcuirimid an Straitéis seo i gcrích.

## Cultúr agus Luachanna na hEagraíochta

Baineann 'cultúr eagraíochta' le hiompraíocht, dearcthaí, nósanna, mothúcháin agus luachanna na foirne. Léirítear an cultúr sa mhéid a dhéanann daoine agus sa chaoi a ndéanann siad é, agus freisin sa chaoi a mhothaíonn daoine agus sa dóigh a smaoiníonn siad.

In 2024, déanfaidh ár bhFoireann Cultúir Eagraíochta tagarmharcáil agus measúnú ar chultúr na Roinne agus forbróidh sí Straitéis Chultúir Chorparáidigh ardleibhéil nua na Roinne.

Cuidíonn cultúr láidir le muintearas agus nasc a chruthú, agus cuireann sé le spreagadh, rud atá ríthábhachtach le haghaidh táirgiúlachta, forbairt tallainne agus coinneála.

Tagann spriocanna Chultúr Eagrúcháin na foirne leis an Straitéis seo; téitear i ngleic lena cuid oibre trí lionsa cuimsitheachta agus rannpháirtíochta, atá lárnach d'fhís iomlán na Straitéise seo.

Oibreoidh an Grúpa Oibre go dlúth le Foireann Chultúir na hEagraíochta le go mbeadh siad fós comhordaithe maidir le spriocanna agus beidh ina rannpháirtithe gníomhacha sa Ghrúpa Stiúrtha Nasctha nua.

## Cé a dhéanfaidh na gníomhartha a sheachadadh?

Déanfaidh na foirne gnó inár **nGrúpa Oibre** na gníomhartha sa Straitéis seo a sheachadadh agus tuairisceoidh siad gach bliain ar an dul chun cinn.

Feidhmeoidh ár **nGrúpa Comhairleach** foirne mar bhord tuairimí le haghaidh gníomhartha níos casta agus iarrfar air aiseolas a sholáthar agus dul chun cinn a phlé ó thaobh na foirne de. Tá ballraíocht sa ghrúpa seo oscailte do chách, déan teagmháil le EDI@enterprise.gov.ie más mian leat a bheith páirteach.

Comhordóidh an **Fhoireann Straitéise AD** an Straitéis agus an dá ghrúpa seo, agus cuirfidh cumarsáid rialta agus nuashonruithe ar fáil don fhoireann.

## Dul chun cinn a thomhas

In 2023, bunaithe ar mheasúnú ar ár gcuid oibre go dtí seo, bhronn Lárionad na hÉireann um Éagsúlacht (ICfD) caighdeán ‘Infheisteoirí san Éagsúlacht’ *Airgid* (Tosú Amach) ar an Roinn.

Tá an dámhachtain seo bunaithe ar mheasúnú leathan ar ár bpolasaithe, nósanna imeachta, agus cleachtais, chomh maith le suirbhé foirne domhain chun tuiscint agus taithí ar shaincheisteanna CE&C a mheas.

Tá sé beartaithe againn leanúint ar aghaidh ag obair leis an ICfD chun ligean dúinn ár ndul chun cinn ón tagarmharc seo a thomhas.

Cuirfidh an Grúpa Oibre tuarascáil bhliantúil i láthair freisin ar an dul chun cinn foriomlán, ag baint úsáide as na critéir tomhais atá leagtha amach faoi gach sprioc.



# Sprioc 1: Cultúr Dearfach Tacaíochta agus Cuimsithe

## Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?

Mar bhunsraith, tá dualgas dlíthiúil orainne mar Roinn idirdhealú a chosc, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne inár n-ionad oibre a chosaint. Thairis sin, tuigimid gurb iad ár bhfoireann an tsócmhainn is mó atá againn maidir le seachadadh ár gclár oibre.

Trí lucht saothair ardoilte a mhealladh agus a choinneáil agus tacú le gach duine a lánacmhainneacht a bhaint amach, ní mór timpeallacht fháilteach, chuimsitheach a chruthú a chothaíonn éagsúlacht agus a fheictear mar thréith dhearfach.

## Cén chuma a bheidh air?

- ✓ Dearcadh dearfach i leith na héagsúlachta ar fud na Roinne
- ✓ An Roinn mar ‘spás sábháilte’ ina mbíonn an fhoireann muiníneach, riachtanais agus socruithe a phlé le comhghleacaithe agus bainisteoirí
- ✓ Luachanna an chuimsithe bunaithe ar mhúnla ón mbarr
- ✓ Foireann le feasacht iomlán ar bheartais agus nósanna imeachta CE&C
- ✓ Deireadh a chur le bulaíocht agus ciapadh.

# Plean Gníomhaíochta

**MAR PHOINTE TOSAIGH:**

- Comhaontóidh muid ról an Bhoird Bainistíochta agus na gCeannairí Oifige agus tacaíocht á cur ar fáil do luachanna na Straitéise seo
- Tabharfaimid cur síos rialta ar bheartais agus nósanna imeachta CE&C
- Cuirfimid modúl CE&C i bhfeidhm sa chlár ionduchtaithe, chun aird na mball foirne nua a chur ar an Straitéis agus ar na príomhbheartais
- Cuirfimid príomhbheartais i láthair agus míniú ar fáil, don fhoireann ar fad ag Laethanta na Rannán
- Bainfimid úsáid as ár nós imeachta nua Agallaimh Scoir chun tuiscint a fháil an bhfuil aon bhealaí amach i gceist lenár dtimpeallacht CE&C
- Seolfaimid feachtas cumarsáide chun an éagsúlacht a léiriú i RFTF trí scéalta pearsanta
- Seolfaimid clár imeachtaí corparáideacha le cuimsiú leathan thar ghrúpaí éagsúla foirne sa Roinn. Cinnteoimid go ndéantar na himeachtaí seo a phleanáil de réir phrionsabail na hinrochtaineachta agus na cuimsitheachta.

**FAOIN NOLLAIG 2026:**

- Cuirfimid treoirlínte agus tacaíochtaí i bhfeidhm le haghaidh ‘Grúpaí Acmhainní Fostaithe’ nó líonraí a bhaineann le CE&C faoi cheannas foirne
- Cuirfimid ‘curaidh’ oibrithe deonacha CE&C i bhfeidhm le treoirlínte soiléire róil, ag gníomhú mar phointí teagmhála áitiúla le haghaidh saincheisteanna agus cumarsáide CE&C
- Meicníochtaí ceardlainne chun teagmhais idirdhealaithe féideartha a réiteach go neamhfhoirmiúil
- Tabharfaimid tacaíocht le deiseanna líonraithe neamhfhoirmiúla don fhoireann chun ceangal, forbairt, agus caidrimh mheantóireachta neamhfhoirmiúla a spreagadh.

## Dul chun cinn a thomhas

- Suirbhéanna Ionad na hÉireann um Éagsúlacht sa todhchaí a thaispeánann feasacht mhéadaithe ar bheartais agus nósanna imeachta, agus meon dearfach i leith CE&C sa Roinn
- Torthaí Suirbhé Rannpháirtíochta na Státseirbhíse atá le teacht.



# Sprioc 2: Foireann atá Oilte chun Oibriú ar Fhoirne éagsúla

## Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?

Is tasc don fhoireann ar fad é an cuimsiú ar an gcéad dul síos. Chun foirne ardfheidhmíochta a fhorbairt, áfach, tá a fhios againn go gcaithfimid tacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí go háirithe leis na huirlisí agus na scileanna chun acmhainneacht gach duine a bhaint amach.

Aithnímid go bhfuil príomhthionchar ag bainisteoirí maidir le cultúr agus luachanna ár Roinne agus ní mór dóibh an fheasacht, an tuiscint agus na scileanna a bheith acu chun tacú le gach ball foirne a bheith fíor iontaofa san ionad oibre.

## Cén chuma a bheidh air?

- ✓ Foireann agus iad siúd atá i róil bhainistíochta in ann a bheith rannpháirteach i bhfoirne éagsúla agus iad a threorú
- ✓ Foireann oilte ar riachtanais éagsúla a thuiscint
- ✓ Foireann agus iad siúd atá i róil bhainistíochta muiníneach déileáil le coinbhleacht
- ✓ Deiseanna oiliúna agus foghlama leabaithe go rialta in imeachtaí reatha.

# Plean Gníomhaíochta

**MAR PHOINTE TOSAIGH:**

- Forbróimid 'Samhail Scileanna CE&C' don fhoireann agus d'oiliúint bainisteoirí, ailínithe le trí leibhéal oiliúna bainisteoirí: ionduchtú, bainisteoirí 'nua', agus leibhéal 'ceannaireachta'.

**FAOIN NOLLAIG 2026:**

- Cuirfimid oiliúint bainisteoirí i bhfeidhm ar aon dul le 'Samhail Scileanna CE&C'
- Déanfaimid iniúchadh ar an raon iomlán de theicneolaíochtaí agus de threalamh uirlisí nua chun cabhrú le hionad oibre níos cuimsithí agus níos tacúla a chruthú
- Bogfaimid ár bhfócas ar shiúl ó oiliúint 'neamhspleách' nó 'aonuaire', agus díreoimid ar ghnéithe leanúnacha oiliúna/feasachta CE&C a leabú i dtionscnaimh foghlama/ rannpháirtíochta foirne atá ann cheana féin amhail Fóram Bainistíochta Sinsearaí, Laethanta Rannáin, oiliúint ionduchtaithe, oiliúint agallóirí, etc.

## Dul chun cinn a thomhas

- Cláir oiliúna a chríochnú
- Suirbhéanna sa todhchaí a thaispeánann feasacht agus inniúlacht mhéadaithe bainisteoirí maidir le beartais agus nósanna imeachta, muinín agus meas bainisteoirí, agus feasacht mhéadaithe ar dheiseanna oiliúna
- Rianú ar sheachadadh deiseanna oiliúna/foghlaim 'leabaithe' chun a chinntiú go gclúdaítear Rannáin uile na Roinne.



# Sprioc 3: Comhionannas Deiseanna don Fhoireann ar fad

## Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?

Creidimid, leis na huirlisí agus na tacaíochtaí cearta, gur féidir aon bhall foirne a chumasú chun a lánacmhainneacht a bhaint amach inár n-ionad oibre.

Áirítear leis seo tacaíochtaí freagrúla, nua-aimseartha do bhaill foirne faoi mhíchumas, cleachtais ardú céime atá cothrom agus trédhearcach, agus tairiscintí oiliúna agus forbartha inrochtana.

Is féidir le socruithe oibre solúbtha tacú freisin le rannpháirtíocht na mball foirne a bhféadfadh riachtanais bhreise nó freagrachtaí cúraim a bheith acu lasmuigh den ionad oibre, rud a thugann buntáiste dearfach do dhaoine aonair agus don eagraíocht.

## Cén chuma a bheidh air?

- ✓ Tacaíochtaí agus socruithe san ionad oibre dóibh siúd atá faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais bhreise acu
- ✓ Soláthar leanúnach socruithe oibre solúbtha ag teacht le riachtanais ghnó
- ✓ Próisis earcaíochta agus ardú céime atá cothrom agus trédhearcach a chothabháil
- ✓ Tacaíochtaí beartais saolré san ionad oibre
- ✓ Deiseanna oiliúna agus forbartha inrochtana.

# Plean Gníomhaíochta

**MAR PHOINTE TOSAIGH:**

- Déanfaimid tionscadal taighde ar fhorbairt ghairm bheatha ‘saolré’ san RFTF agus sainaithneoimid aon saincheisteanna nó bearnaí beartais
- Glacaimid páirt i gclár píolótach ‘Clár Fhilleadh ar Ghairmeacha’ don Státseirbhís
- Cuirfimid prionsabail CE&C san áireamh in athbhreithnithe ar ár mBeartas Oibre Cumaiscthe
- Glacfaimid páirt rialta i gcláir sheachtracha chun tacú le comhionannas deiseanna gairme do dhaoine faoi mhíchumas (m.sh. WAM (clár Meantóireachta Toilteanach, Ábalta), OWL (clár Oibre agus Foghlaim an Oireachtais).

**FAOIN NOLLAIG 2026:**

- Nuashonróimid agus cruthóimid beartais tacaíochta ‘saolré’ mar sos Míostraithe; Saoire Mháithreachais, Atharthachta agus Uchtála, Scoir etc.
- Glacadh teidlíochtaí saoire tuismitheora agus socruithe cothromaíochta oibre-saoil a chur chun cinn i measc na mball foirne fireann
- Ról na dteicneolaíochtaí cúnta a fhorbairt chun tacú le baill foirne faoi mhíchumas nó le riachtanais bhreise
- Roghanna a fhorbairt le haghaidh deiseanna gairme solúbtha ag gráid na bainistíochta sinsearaí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht ár gclár oiliúna.

## Dul chun cinn a thomhas

- Rianaigh aon ‘bhearnaí’ polasaí a dhúnadh
- Athbhreithnithe débhliantúla ar arduithe céime inmheánacha chun cothroime a chinntiú agus aon saincheisteanna féideartha a aithint
- Athbhreithniú ar rannpháirtíocht i ndeiseanna meantóireachta
- Rianú ar úsáid patrúin oibre solúbtha ag gráid shinsearacha
- Rianaigh athruithe sa Bhearna Pá Inscne.



# Sprioc 4: Comhionannas maidir le Rochtain ar Sheirbhísí dár gCustaiméirí

## Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?

Is bunphrionsabal é a chinntiú go bhfuil cultúr measa maidir le chearta daonna agus comhionannas na ndaoine dá gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh.

Is ráiteas poiblí é ár gCairt Chustaiméirí agus ár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2022-2024 a leagann amach na caighdeáin agus an leibhéal seirbhíse ar féidir leat a bheith ag súil leis agus tú ag déileáil lenár Roinn. Tugann ár bPlean Gníomhaíochta Custaiméara achoimre ar ár spriocanna straitéiseacha agus na struchtúir eagraíochtúla atá curtha i bhfeidhm againn chun iad a bhaint amach.

Sonraíonn an plean conas a dhéanfaimid ár ndícheall a chinntiú go gcuirtear seirbhísí custaiméara gairmiúla, éifeachtacha agus cúirtéiseach ar fáil dár gcustaiméirí, de réir na bprionsabal treorach maidir le seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a bhfuil glacadh leo ar fud na Seirbhíse Poiblí. De réir ár gCairt táimid tiomanta do chinntiú go gcaitear go cothrom le gach custaiméir agus de réir na reachtaíochta ábhartha.

## Cén chuma a bheidh air?

- ✓ Caitear le gach custaiméir le cothroime agus le meas
- ✓ Gach custaiméir in ann rochtain a fháil ar ár seirbhísí agus faisnéis
- ✓ Foireann túslíne le tuiscint cothrom le dáta ar reachtaíocht, ar bheartais agus ar nósanna imeachta ábhartha.

# Plean Gníomhaíochta

**MAR PHOINTE TOSAIGH:**

- Oibreoimid le foirne seirbhíse túslíne chun pleananna oiliúna saincheaptha a fhorbairt don fhoireann
- Leanfaimid orainn ag déanamh monatóireachta rialta ar ár n-oifigí poiblí chun a chinntiú go gcomhlíonann siad caighdeáin cheirde agus sábháilteachta, agus go bhfuil áiseanna oiriúnacha i bhfeidhm do gach custaiméir
- Leanfaimid orainn ag cinntiú go bhfuil an fhaisnéis go léir a sholáthraíonn an Roinn soiléir, tráthúil, cruinn agus inrochtana dár gcustaiméirí go léir
- Beimid mar eagraíocht 'JAM Card cairdiúil' in 2024
- Coinneoimid ár gCairt Chustaiméirí de réir phrionsabail CE&C agus Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí.

**FAOIN NOLLAIG 2026:**

- Cuirfimid pleananna oiliúna saindeartha i bhfeidhm don fhoireann túslíne
- Déanfaimid athbhreithniú agus feabhas a chur ar inrochtaineacht ár bhfaisnéise poiblí.

## Dul chun cinn a thomhas

- Déanfaimid rianú ar chríochnú na modúl oiliúna ag foirne túslíne
- Déanfaimid monatóireacht ar inrochtaineacht faisnéise poiblí agus aon athruithe a dhéanfar a rianú
- Déanfaimid Monatóireacht ar aiseolas ó chustaiméirí a chuirtear ar fáil tríd an réimse Seirbhíse do Chustaiméirí ar ár suíomh Gréasáin
- Aiseolas trí shuirbhéanna sástachta custaiméirí na Státseirbhíse.

# Cad atá ar bun ag daoine?

Ar mhaithe le soiléireacht, taispeánann an liosta thíos cé na foirne gnó atá freagrach as na gníomhartha atá leagtha amach sa Straitéis seo.

## Foireann Cheannaireachta/Bord Bainistíochta/Cinn Oifigí

- Ról an Bhoird Bainistíochta agus na gCeannairí Oifige a chomhaontú maidir le luachanna na Straitéise seo a urrú.

## Straitéis agus Oibríochtaí AD

- Tabharfaimid cur síos rialta ar bheartais agus nósanna imeachta CE&C
- Meicníochtaí ceardlainne chun teagmhais idirdhealaithe féideartha a réiteach go neamhfhoirmiúil
- Cuirfimid treoirlínte agus tacaíochtaí i bhfeidhm le haghaidh 'Grúpaí Acmhainní Fostaithe' nó líonraí a bhaineann le CE&C faoi cheannas foirne
- Bainfimid úsáid as ár nós imeachta nua Agallaimh Scoir chun tuiscint a fháil an bhfuil aon bhealaí amach i gceist lenár dtimpeallacht CE&C
- Roghanna a fhorbairt le haghaidh deiseanna gairme solúbtha ag gráid na bainistíochta sinsearaí
- Nuashonróimid agus cruthóimid beartais tacaíochta 'saolré' mar sos Míostraithe; agus Uchtála, etc. a nuashonrú agus a chruthú.
- Cuirfimid prionsabail CE&C san áireamh in athbhreithnithe ar ár mBeartas Oibre Cumaiscthe
- Athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar fhorbairt gairme 'saolré' san RFTF agus sainaithin aon saincheisteanna nó bearnaí beartais
- Glacadh teidlíochtaí saoire tuismitheora agus socruithe cothromaíochta oibre-saoil a chur chun cinn i measc na mball foirne fireann
- Glacaimid páirt i gclár píolótach 'Clár Fhilleadh ar Ghairmeacha' don Státseirbhís
- Páirt a ghlacadh go rialta i gclár seachtrach chun tacú le cothromas deiseanna gairme do dhaoine faoi mhíchumas (m.sh. WAM, OWL)
- An tionscadal Cárta JAM a sheachadadh

- Athbhreithnithe a dhéanamh agus a fhoilsiú ar arduithe céime inmheánacha chun cothroime a chinntiú agus aon saincheisteanna féideartha a shainaithint.

## Foghlaim agus Forbairt

- In éineacht le foirne seirbhíse túslíne, pleananna oiliúna saincheaptha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don fhoireann.

- ‘Samhail Scileanna CE&C’ a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d’oiliúint bainisteoirí, ailínithe le trí leibhéal oiliúna bainisteoirí: ionduchtú, bainisteoirí ‘nua’, agus leibhéal ‘ceannaireachta’
- Cuirfimid modúl CE&C i bhfeidhm sa chlár ionduchtaithe, chun aird na mball foirne nua a chur ar an Straitéis agus ar na príomhbheartais
- Dírigh ar an bhfócas ó oiliúint ‘neamhspleách’ nó ‘aonuaire’, agus dírigh ar ghnéithe leanúnacha oiliúna/feasachta CE&C a leabú i dtionscnaimh foghlama/ rannpháirtíochta foirne atá ann cheana féin mar Fhóram Bainistíochta Sinsearaí, Laethanta Rannáin, oiliúint ionduchtaithe, oiliúint agallóirí, etc.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht ár gclár oiliúna
- Tacaíocht a thabhairt do dheiseanna líonraithe don fhoireann chun ceangal, forbairt agus bunú caidrimh mheantóireachta neamhfhoirmiúla a spreagadh.

## Cultúr Eagrúcháin

- Trínár nGrúpa Stiúrtha Nasctha ceiliúradh a dhéanamh ar éagsúlacht san RFTF trí imeachtaí tiomnaithe gach bliain
- Straitéis Cultúir agus Luachanna a fhorbairt don Roinn
- Seolfaimid clár imeachtaí corparáideacha le cuimsiú leathan thar ghrúpaí éagsúla foirne sa Roinn. Cinnteoimid go ndéantar na himeachtaí seo a phleanáil de réir phrionsabail na hinrochtaineachta agus na cuimsitheachta.

## Bainisteoirí Foirne Líne tosaigh/Seirbhís do Chustaiméirí

- Oibriú le AD/Foghlaim & Forbairt ar phleananna foghlama d’fhoirne bunaithe ar riachtanais/ceisteanna aitheanta
- Tacaíocht a thabhairt don fhoireann tabhairt faoi oiliúint.

## Cumarsáid agus Seirbhís do Chustaiméirí

- Seolfaimid feachtas cumarsáide chun an éagsúlacht a léiriú i RFTF trí scéalta pearsanta
- Ár gCairt Chustaiméirí a choinneáil ar aon dul le prionsabail CE&C.
- Monatóireacht a dhéanamh ar aiseolas ó chustaiméirí agus torthaí suirbhéanna sástachta custaiméirí na Státseirbhíse a roinnt.

## TFC

- Inrochtaineacht na faisnéise a chuirtear in iúl don phobal trínár suíomhanna Gréasáin a chinntiú.
- Oibriú le hAcmhainní Daonna/Foghlaim agus Forbairt ar fhorálacha chun a chinntiú go bhfuil seachadadh oiliúna inrochtana.

# Aguisín
# Ballraíocht an Ghrúpa Oibre CE&C

| | |
|---|---|
| Harry Lester (Cathaoirleach) | Ceannaire na Seirbhísí Corparáideacha |
| Tracey Murphy | Ceannaire AD |
| Claudine Forrest | Ceannaire Foghlama agus Forbartha |
| John O'Grady | Ceannaire TFC |
| Patrick Ryan | Ceannaire Bainistíochta Bonneagair Líonra |
| Cian McHale | Oifigeach Idirchaidrimh Mhíchumais |
| Cathy Madden | Ceannaire Cumarsáide |
| Bernie Byrne | An Chúirt Oibreachais – Airgeadas agus Riarachán |
| Derval Monahan | Straitéis Chorparáideach an Choimisiún um Chaidreamh san Ait Oibre |
| John Maher | Ceannaire an Aonaid Bhainistíochta agus Tacaíochta Gnó |
| David Hennessy | Príomhoifigeach Seirbhísí |
| Maureen O'Sullivan | Cláraitheoir na gCuideachtaí |
| James Kelly | Rialaitheoir Maoine Intleachtúla |
| Emily deGrae | Ceannaire Ceadanna Fostaíochta |
| Federica de Blasio | Ionadaí ESCED |
| Breda O'Brien | Ceannaire na foirne Eagraíochta, Cultúir agus Rannpháirtíochta |
| Emily Odlum | Ceannaire na foirne Straitéise agus Polasaithe AD |
| Aiste Vekrike | Foireann Straitéise agus Polasaithe AD |